Clár

1. Cad is Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh ann? 3
2. Conas a cháilítear? 3
3. Cad is brí le fostaíocht lánaimseartha? 4
4. Cad a áirítear mar ioncam teaghlaigh? 5
5. Cad nach n-áirítear mar ioncam teaghlaigh? 6
6. Cad is tuilleamh inmheasúnaithe ann? 6
7. Conas a ríomhtar ioncam seachtainiúil an teaghlaigh? 7
8. Cé mhéid is féidir a fháil? 8
9. Conas a íoctar an FIT? 9
10. Cá fhad a mhaireann íocaíocht an FIT? 9
11. An féidir an FIT a fháil má fhaightear íocaíocht leasa shóisialaigh eile? 11
12. An féidir an FIT a fháil má fhaigheann mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir méadú dom ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh. 12
13. Tá mé féin agus mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir ag obair. Cé acu againn a gheobhaidh an FIT? 12

ar leanúint thall

Meán Fómhair 2015

Ó am go ham athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 16 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

14. Bhí mé féin agus mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir ag obair nuair a rinneamar iarratas ar FIT. Cad a tharlaíonn má chaillim mo phost i rith na tréimhse dámhachtana 52 sheachtain FIT? 13

15. An féidir le duine eile m'íocaíocht a fháil tar éis mo bháis? 13

16. An bhfuil sochair bhreise le fáil? 14

17. Cathain agus conas a dhéantar iarratas? 14

18. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? 16

Pointí le tabhairt faoi deara 18

1. Cad is Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh ann?

Is é is Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT) ann ná íocaíocht sheachtainiúil, atá saor ó cháin, do theaghlaigh, agus teaghlaigh aontuismitheora san áireamh, a oibríonn ar phá íseal.

2. Conas a cháilítear?

Féadfaidh tú cáiliú:

- más fostaí thú i bhfostaíocht lánaimseartha ar phá a bhfuil súil leis go mairfidh sí 3 mhí ar a laghad,
- má oibríonn tú ar feadh 19 n-uaire an chloig gach seachtain ar a laghad, nó 38 n-uaire an chloig gach coicís,
- má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí le duine eile, is féidir leat uaireanta an chloig a oibríonn tú, do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir a shuimiú,
- má tá meánioncam seachtainiúil teaghlaigh agat atá faoi bhun na suimeanna ar a ndéantar cur síos ar leathanach 4 do líon do theaghlaigh,
- má tá leanbh cáilithe amháin ar a laghad agat a chónaíonn de ghnáth leat agus ar cuid é nó í den teaghlach atá á chothabháil agat. Leanbh cáilithe is ea aon leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó idir 18 agus 22 de bhlianta d'aois má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha de ló.

Tabhair faoi deara
Ní féidir leis an líon tí cáiliú don FIT de bharr na féinfhostaíochta amháin. Ní mór duit, do do chéile, do do pháirtnéir sibhialta nó do do chomhchónaitheoir a bheith ag gabháil don fhostaíocht ar phá ar son an teaghlaigh chun cáiliú don FIT.

	Teorainn Sheachtainiúil Ioncaim	Teorainn Bhliantúil Ioncaim (52 sheachtain)
Líon teaghlaigh		
1 leanbh	**€506**	**€26,312**
2 leanbh	**€602**	**€31,304**
3 leanbh	**€703**	**€36,556**
4 leanbh	**€824**	**€42,848**
5 leanbh	**€950**	**€49,400**
6 leanbh	**€1066**	**€55,432**
7 leanbh	**€1202**	**€62,504**
8 leanbh nó níos mó	**€1298**	**€67,496**

Tabhair faoi deara
Má tá tú agus do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ag obair, suimeofar bhur n-ioncaim nuair a dhéanfar áireamh ar ioncam an teaghlaigh.

3. Cad is brí le fostaíocht lánaimseartha?

Is é is brí le fostaíocht lánaimseartha ná **go n-oibríonn tú ar feadh 19 n-uaire an chloig gach seachtain ar a laghad (nó 38 n-uaire an chloig gach coicís) agus gur dócha go mairfidh do phost 3 mhí ar a laghad.**

Ní áirítear mar fhostaíocht lánaimseartha an obair ócáideach, mar obair sheasúrach a mhaireann níos lú ná 3 mhí, agus scéimeanna áirithe fostaíochta de chuid an Rialtais.

Is fostaíocht lánaimseartha chun críocha an FIT, áfach, iad obair faoin Liúntas um Fhilleadh ar Obair (Fostaithe), Tionscnamh Post, Clár an Gheilleagair Shóisialta agus Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha.

Ní bhfaighidh tú an FIT i leith aon seachtaine a n-éileoidh tú Sochar nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ina leith.

4. Cad a áirítear mar ioncam teaghlaigh?

Is iad na príomhnithe a áirítear mar ioncam ná:

- do mheántuilleamh inmheasúnaithe (féach lgh. 6 agus 7),
- meántuilleamh inmheasúnaithe do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora (féach lgh. 6 agus 7),
- aon ioncam breise atá agat nó ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir as fostaíocht (cuir i gcás, pá i dtaca le ragobair, bónais, liúntais nó coimisiún),
- aon ioncam a fhéadfaidh a bheith agat nó ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir as féinfhostaíocht,
- ioncam as pinsin cheirde,
- ioncam as talamh nó ioncam cíosa as maoin,
- aon ioncam a íocann iarchéile, iarpháirtnéir sibhialta nó iar-chomhchónaitheoir leis an líon tí, mar shampla cothabháil, íocaíocht mhorgáiste/chíosa, táillí scoile srl.
- aon ioncam eile a fhéadfaidh a bheith agat nó ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, lena n-áirítear ioncam ó chothabháil agus íocaíochtaí ón Roinn seo nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seachas iad siúd a liostaítear ar leathanach 6.

Tabhair faoi deara
Má tá amhras ort, is cóir an t-ioncam ar fad a nochtadh agus socrófar ag céim an chinnidh más inmheasúnaithe é ó thaobh an ioncaim de.

5. Cad nach n-áirítear mar ioncam teaghlaigh?

Ní áirítear mar ioncam na nithe seo a leanas:

- airgead ó charthanas seachas trí fhostaíocht leis an gcarthanas (Uinseann de Pól srl.).
- ioncam ó lóistín a chur ar fáil do scoláirí atá ag staidéar na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta faoi scéim atá á riar ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- ní áirítear mar ioncam teaghlaigh na híocaíochtaí seo a leanas ón Roinn seo nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:
    - Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair (a tugadh isteach i gCáinaisnéis na bliana 2015),
    - Sochar Linbh,
    - Íocaíocht don Chaomhnóir,
    - Liúntas Leasa Forlíontach,
    - Liúntas Cíosa do thionóntaí ar chuir dírialú na gcíosanna isteach orthu,
    - Liúntas Curaim Bhaile, agus
    - Liúntas do Leanbh Altrama.

6. Cad is tuilleamh inmheasúnaithe ann?

Chun críocha an FIT, is é is tuilleamh inmheasúnaithe ann ná an tuilleamh atá fágtha tar éis dúinn aon cháin ioncaim, ranníocaíocht ÁSPC an fhostaí, Muirear Sóisialta Uilíoch, ranníocaíochtaí le Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta agus aoisliúntas in-asbhainte a bhaint as d'ollphá agus/nó as ollphá do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora.

Ollphá	
Iúide	**Cáin Ioncaim** **ÁSPC an Fhostaí** **Muirear Sóisialta Uilíoch** **Aoisliúntas** **Ranníocaíochtaí le Cuntas Coigiltis Scoir** **Phearsanta a baineadh as pá** **Tobhach Pinsin na Seirbhíse Poiblí**
Toradh	**Tuilleamh inmheasúnaithe duit agus do do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir**

7. Conas a ríomhtar ioncam seachtainiúil an teaghlaigh?

I dtosach socraímid do mheántuilleamh inmheasúnaithe, meántuilleamh inmheasúnaithe do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora.

Ansin cuirimid san áireamh aon ioncam ón bhféinfhostaíocht atá agat nó atá ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir. De ghnáth, ríomhtar an t-ioncam ón bhféinfhostaíocht trí scrúdú a dhéanamh ar an tsraith is déanaí de na cuntais. Mura bhfuil dóthain eolais ar fáil, is féidir go dtabharfaidh Cigire Leasa Shóisialaigh cuairt chun an t-ioncam sin a ríomh.

An chead rud eile, cuirimid san áireamh aon ioncam atá agat nó atá ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ó aon fhoinse eile.

Suimítear na trí mhír seo, tuilleamh ón bhfostaíocht, ioncam ón bhféinfhostaíocht agus ioncam ó aon fhoinse eile, agus is ionann iad agus Ioncam Seachtainiúil an Teaghlaigh.

8. Cé mhéid is féidir a fháil?

Is éard atá i d'íocaíocht FIT ná 60% den difríocht idir meánioncam seachtainiúil do theaghlaigh agus an teorainn ioncaim do líon do theaghlaigh, agus é slánaithe suas go dtí an euro is gaire.

Sampla 1

Má tá triúr clainne ort agus ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil teaghlaigh **€300** agat, is mar seo a ríomhtar d'íocaíocht FIT:

Teorainn Ioncaim		**€703.00**
D'ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil	**-**	**€300.00**
Difríocht		**€403.00**
Is éard atá in íocaíocht sheachtainiúil an FIT ná 60% de **€403**, arb éard atá ann ná		**€241.80**

(Arna bhunú ar theorainneacha ioncaim reatha Eanáir 2015)

Sampla 2

Má tá beirt chlainne ort agus ioncam inmheasúnaithe coicísiúil **€380** agat ón bpostroinnt, is mar seo a ríomhtar d'íocaíocht FIT:

Teorainn Ioncaim		**€602.00**
D'ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil **(€380÷2)**	**-**	**€190.00**
Difríocht		**€412.00**
Is éard atá in íocaíocht sheachtainiúil an FIT ná 60% de **€412**, arb éard atá ann ná		**€247.20**

(Arna bhunú ar theorainneacha ioncaim reatha Eanáir 2015)

Slánaítear méideanna corra suas go dtí an €1 is gaire.

Tabhair faoi deara
Dá laghad an méid airgid a gcáilíonn tú dó, gheobhaidh tú íosmhéid €20 gach seachtain.

9. Conas a íoctar an FIT?

Íoctar an FIT leat trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais. Ní foláir nó gur cuntas reatha, taisce nó coigiltis é an cuntas seo, **ní ghlacfar** le cuntas morgáiste.

Cuirfear tús le haon íocaíocht dá gcáileoidh tú ar an gCéad Déardaoin tar éis do Rannóg an FIT d'fhoirm iarratais **FIS 1** a fháil.

10. Cá fhad a mhaireann íocaíocht an FIT?

Íocfar an FIT go ceann 52 sheachtain fad is a leanfaidh tú agus do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir de bheith gafa le fostaíocht lánaimseartha ar phá nó mar fhostaí/ fhostaithe ar feadh 38 n-uaire an chloig ar a laghad gach coicís.

Ní thiocfaidh athrú ar an ráta FIT is iníoctha i rith na tréimhse dámhachtana 52 sheachtain seo.

Níl ach 2 chás inar féidir do ráta a athrú laistigh den tréimhse dhámhachtana 52 sheachtain.

1 Féadfar d'íocaíocht a mhéadú má bhíonn leanbh eile agat (trí bhreith, trí uchtáil, trí altramas, trí chaomhnóireacht)

2 Nuair a rinne tú iarratas ar FIT an uair dheireanach, má bhí an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora á fáil agat agus má cuireadh stad leis an íocaíocht seo i rith na tréimhse dámhachtana 52 sheachtain FIT ar an aon ábhar amháin gur shroich an leanbh is óige agat tairseach aoise na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, d'fhéadfaí an FIT a mhéadú trí mhéid na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora a measúnaíodh sa Triail Ioncaim FIT ba dhéanaí a laghdú go NIALAS.

Ní théann athruithe eile ar ioncam i bhfeidhm ar an ráta FIT is iníoctha, cibé acu is méaduithe nó laghduithe iad na hathruithe.

Ní mór duit iarratas a dhéanamh arís ar FIT ag deireadh na tréimhse 52 sheachtain, má chomhlíonann tú fós na coinníollacha cáiliúcháin.

Leanfaidh an FIT de bheith á íoc go ceann na tréimhse 52 sheachtain, ach amháin mar a dtarlaíonn na nithe seo a leanas:

- Éilíonn tú Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Cúnamh Feirme nó Liúntas Réamhscoir.
- Éilíonn do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir méadú ina (h)íocaíocht do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Cúnamh Feirme nó Liúntas Réamhscoir i do thaobh,
- Éilíonn tú Sochar Breoiteachta nó Sochar Díobhála Ceirde ar feadh breis agus 6 seachtaine
- Scoireann tú agus do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir de bheith gafa le fostaíocht lánaimseartha ar phá mar fhostaithe
- Laghdaítear do chuid uaireanta fostaíochta agus uaireanta fostaíochta do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora faoi bhun 38 n-uaire an chloig in aghaidh na coicíse
- Éiríonn tú agus/nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir as obair mar gheall ar aighneas ceirde, mar shampla: stailc
- Athraíonn tú do sheoladh gan é a chur in iúl dúinn
- Glacann tú agus/nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir saoire gan phá ón obair
- Ní dhéanann tú agus/nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir coinne i dtaca le Cárta Seirbhísí Poiblí
- Ní fhreagraíonn tú agus/nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir scéala ón Roinn

- Ní chomhoibríonn tú agus/nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir le Cigire Leasa Shóisialaigh

11. An féidir an FIT a fháil má fhaightear íocaíocht leasa shóisialaigh eile?

Ní féidir leat an FIT a fháil má fhaigheann tú cheana:

- Sochar/Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta
- Sochar Breoiteachta/Díobhála
- Sochar Cumais Pháirtigh
- Cúnamh Feirme

  nó
- Liúntas Réamhscoir

Mura mbíonn fostaíocht mar fhostaí agat nó ag do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir ar feadh 38 n-uaire an chloig ar a laghad in aghaidh na coicíse de bhreis ar na scéimeanna seo a leanas:

- Tús
- JobBridge
- Scéim Fostaíochta Pobail
- Ionad Oibre
- Tairseach,

  nó
- Scéim Shóisialta na Tuaithe

Ni féidir leat an FIT a fháil le linn duit a bheith ar cheann de na scéimeanna sin.

Thairis sin, ní féidir leat an FIT a fháil má éilíonn do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir méadú i do thaobh ó na híocaíochtaí nó na scéimeanna a luaitear thuas.

12. An féidir an FIT a fháil má fhaigheann mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir méadú dom ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh.

Má éilíonn do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir méadú i do thaobh ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh, is féidir go mbeidh sé níos fearr do do theaghlach an FIT a éileamh ina ionad sin.

Ní bhfaighidh do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht duit a thuilleadh, áfach, agus cuirfear isteach ar aon Mhéadú um Leanbh Cáilithe. Déan teagmháil le rannóg ábhartha na Roinne seo chun a fháil amach faoin gcaoi a gcuirfear isteach ar an Méadú um Leanbh Cáilithe.

13. Tá mé féin agus mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir ag obair. Cé acu againn a gheobhaidh an FIT?

Nuair a dhéanann lánúin iarratas ar FIT, meastar iad araon a bheith ina n-éilitheoirí ar FIT. Íoctar FIT, áfach, leis an duine atá ag gabháil don fhostaíocht ar phá mar fhostaí.

Má tá an bheirt agaibh ag obair, íoctar é leis an duine arb ionann a t(h)uilleamh agus an chuid is mó den Triail Ioncaim FIT.

Íoctar FIT isteach sa chuntas bainc atá ainmnithe agat, áfach, agus is féidir é a íoc isteach i gcomhchuntais bhainc.

14. Bhí mé féin agus mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir ag obair nuair a rinneamar iarratas ar FIT. Cad a tharlaíonn má chaillim mo phost i rith na tréimhse dámhachtana 52 sheachtain FIT?

Nuair a dhéanann lánúin iarratas ar FIT, meastar iad araon a bheith ina n-éilitheoirí ar FIT. Má chailleann tú d'fhostaíocht i rith na tréimhse 52 sheachtain FIT, is féidir an t-éileamh ar FIT a aistriú chuig ainm do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora go ceann na coda eile den tréimhse 52 sheachtain. Ní mór dó/di litir óna f(h)ostóir ina dtaispeánfar a (h)uaireanta reatha fostaíochta a chur faoinár mbráid.

15. An féidir le duine eile m'íocaíocht a fháil tar éis mo bháis?

Má fhaigheann tú bás le linn duit an FIT a fháil, féadfaidh do neasghaol an FIT a fháil go ceann 6 seachtaine tar éis do bháis nó go ceann na coda eile den tréimhse dhámhachtana íocaíochta 52 sheachtain (cibé acu is lú).

Má fhaigheann duine de do leanaí cáilithe bás agus má tá leanbh/leanaí cáilithe eile agat, féadfaidh tú leanúint de ráta céanna an FIT a fháil go ceann na coda eile den tréimhse dhámhachtana íocaíochta 52 sheachtain, fad is a chomhlíonfaidh tú coinníollacha cáiliúcháin eile na scéime.

16. An bhfuil sochair bhreise le fáil?

Má fhaigheann tú an FIT, **is féidir** go mbeidh tú i dteideal an **Liúntas Éadaí agus Coisbirt um Fhilleadh ar Scoil** a fháil freisin. Cabhraíonn an liúntas seo ó thaobh an chostais a bhaineann le héidí agus le bróga do dhaltaí scoile. Oibríonn an Scéim ó Mheitheamh go Meán Fómhair gach bliain.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

17. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Déan iarratas ar FIT a luaithe is féidir tar éis duit agus do do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dul i mbun oibre, nó d'fhéadfá íocaíocht a chailleadh.

Beidh ort na cáipéisí seo a thabhairt:

- duillíní pá a fuair tú agus do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir le déanaí chun an tuilleamh a thaispeáint,
- an P60 is déanaí (má tá ceann ar fáil) a fuair tú agus do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir, agus
- do Dheimhniú ar Chreidmheasanna Cánach i gcomhair na bliana reatha (má tá ceann ar fáil).

Mura bhfuil an P60 is déanaí ar fáil, is cóir duit an duillín pá nó na duillíní pá de sheachtain 52 i dtaca leis an mbliain chánach dheireanach a chur isteach.

Fiú mura bhfuil na cáipéisí seo agat agus an fhoirm iarratais á líonadh agat, cuir an fhoirm chugainn láithreach. Is féidir leat na cáipéisí nó na teastais a chur chugainn a luaithe a bheidh siad agat, ach cuimhnigh, le do thoil, ar d'ainm iomlán, do sheoladh reatha agus d'Uimhir PSP a chur leo. Cabhróidh sé seo linn ó thaobh iad a réiteach le d'fhoirm iarratais.

Líon an fhoirm iarratais **FIS 1** agus cuir í chuig:

Rannóg an Fhorlíonaidh Ioncaim Teaghlaigh
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Guthán: (043) 334 0053
Íosghlao: 1890 927 770
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 43 3340000, le do thoil.

Má thosaíonn tú ag obair don chéad uair nó má théann tú i mbun poist nua, déan teagmháil le d'oifig chánach chun comhairle ar do chreidmheasanna cánach a fháil. Féach bileog eolais IT 11 (ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim) chun a chinntiú go bhfuil do chreidmheasanna cánach i gceart agat.

18. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an bhForlíonadh Ioncaim Teaghlaigh a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le Rannóg an Fhorlíonaidh Ioncaim Teaghlaigh ag an seoladh a thugtar thuas.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** nó má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+353 71 91 93302**, le do thoil.
- Guthán: (043) 334 0053.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Rannóg an Fhorlíonaidh Ioncaim Teaghlaigh tríd an ríomhphost

Má tá iarratas nua agat **FISNewClaims@welfare.ie**.

Má tá iarratas athnuachana agat **FISRenewals@welfare.ie**.

Gach fáth eile **FISSupport@welfare.ie**.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Iosghlao).

Pointí le tabhairt faoi deara

- **Ní ghearrtar cáin ar d'íocaíocht FIT.**
- **Ní áirítear d'íocaíocht FIT mar ioncam nuair a bhreithnítear thú chun an chárta leighis.**
- **Áirítear an FIT nuair a mheasúnaítear an teidlíocht ar an bhForlíonadh Cíosa nó Morgáiste.**
- **Ní féidir leat an FIT a fháil má tá tú ag glacadh páirte i Scéim Fostaíochta Pobail nó i Scéimeanna eile de chuid FÁS (seachas an Tionscnamh Post agus an Clár Seirbhíse Pobail).**
- **Más tionónta údaráis áitiúil thú, déan teagmháil le d'údarás áitiúil chun féachaint an n-athróidh do chíos.**
- **Chun a thuilleadh eolais a fháil ar an bpá íosta náisiúnta, déan teagmháil leis an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta.**

  Íosghlao: 1890 80 80 90 (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó Guthán: +353 59 91 78990 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).

Leabhráin áisiúla eile:

Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	**SW 75**
Liúntas Breosla	**SW 17**
Rátaí Íocaíochta	**SW 19**
Liúntas Leasa Forlíontach	**SW 54**